| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Cad a rinne tú i rith na seachtaine? | What did you do during the week? |
| **2.** | Cén saghas aimsire is fearr leat? | What kind of weather do you prefer? |
| **3.** | Cad a dhéanann tú nuair a bhíonn sé an-te? | What do you do when it is very hot? |
| **4.** | Cad a dhéanann tú nuair a bhíonn sé ag cur báistí? | What do you do when it rains? |
| **5.** | Cén séasúr den bhliain is fearr leat agus cén fáth? | Whis season of the year do you prefer and why? |

| | Raidió na Gaeltachta<br>Nead na Fuiseoige – 11/4/25 | Raidió na Gaeltachta<br>The Lark’s Nest – 4/11/25 |
|---|---|---|
| 1. | Príomhscéalta an Tuaiscirt | Lead stories from the North |
| 2. | Míle agus seasca teach de chuid na gcomhairlí contae i nDún na nGall a bhfuil brící lochtacha iontu(b). | One thousand and sixty houses from the county councils in Donegal that have defective blocks in them. |
| 3. | Agus níl tástáil déanta ach ar ochtó a haon teach acu(b) seo, de réir an eolais a cuireadh ar fáil ag an gcruinniú is deireanaí a bhí ag Coiste Brící Lochtacha na Comhairle Contae. | And testing hasn’t been but for eighty one of the houses, according to the information that was made available at the latest meeting at County Council Committee for Defective Bricks. |
| 4. | Dúirt an Comhairle Contae, Dennis Mac Aodh, go gcaithfidh comhairlí contae uilig seasamh le chéile le brú a chur ar an Rialtas níos mó tacaíochta a thabhairt do dhaoine a bhfuil brící lochtacha ina gcuid tithe. | The County Council, Dennis Mac Aodh, that all county councils have to stand together to put pressure on the Government to give more support to people who have defective bricks in their houses. |
| 5. | B’shin iad na príomhscéalta agus anois an aimsir. | Those were the lead stories, and now the weather. |
| 6. | Glanfaidh ceo atá ar chuid mhór den tír luath go maith ar maidin cé is moite de áiteachaí ar chósta in iarthair na tíre. | Fog that is over most of the country will clear out early enough in the morning except for places on the western coast of the country. |
| 7. | Déanfaidh sé lá meirbh eile agus beidh treimhsí maithe gréine in áiteachaí. | It will be another sultry day and there will be good patches of sun in some places. |
| 8. | Idir seacht gcéim déag agus dhá chéim is fiche Celsius a bheidh sa teocht is airde. | The high temperature will be between 17 and 22 degrees Celsius (63 to 73 Fahrenheit). |
| 9. | Agus sin a bhfuil do chúrsaí nuaíochta go dtí a hocht a chlog. Ar ais anois ag Gráinne. | And that’s all for matters of news until eight o’clock. Back now to Gráinne. |
| 10. | Go raibh míle maith agat a Cháit. Cáit de Bhailís ansin agus mar a dúirt sí féin, beidh sí ar ais ag a hocht leis na príomhscéalta is deireanaí nuair a chuirfear tús leis an gclár Adhmhaidin faoi cheann caoga a cúig nóiméad agus ceathracha soicind le bheith an-chruinn. | Tank you very much, Cáit. Cáit de Bhailís there and as she herself said, she will be back at eight with the latest lead stories when the program Adhmhaidin begins in fifty five minutes and forty seconds, to be very exact. |

| | | |
|---|---|---|
| 11. | Tá súil agam go bhfuil sibh go maith ag ócáid a bheith ag éisteacht linn. | I hope you are well as you are listening to us. |
| 12. | Mar a luaigh Cáit linn ansin, droch-cheo in áiteachaí an-dona in áiteachaí ar maidin inniu | As Cáit mentioned there, bad fog in places, very bad in places this morning. |
| 13. | agus bhí mise go dona a tíocht aníos Bóthair na Céibhe Ceathrú Rua. | And I was bad coming down Quay Street from Carroe. |
| 14. | Níor léir agam tada go dtig mé chomh fada leis an príomhbhóthar agus bhí na soilse cuid le feiceáil agam agus na línte móra. | I couldn't see anything until I came up to the main road and could see some of the lights and the big lines. |
| 15. | Ach, tá Droch-cheo in áiteachaí. Mar sin, bígí an-an-an-chúramach agus sibh ag taisteál ar na bóithre ar maidin. | But there is bad fog in places. So, be very, very, very careful as you travel on the roads this morning. |
| 16. | Anois cuirim tús leis an gceol agus Mícheál Ó Raghallaigh a chloisimis anois. | Now I will start the music and we will hear Mícheál Ó Raghallaigh now. |
| 17. | Agus seo píosa a chuala mé ar chlár Neansaí "Ceol Binn ó Na Beanna" arú aréir. | And this is a piece I heard on Neansaí's program "Ceol Binn ó Na Beanna" the night before last. |
| 18. | Mícheál Ó Raghallaigh, agus beidh *Joe Roderick* againn, *Iníon Nic Leoid* agus *Drioball na Fáinleoige*. | Mícheál Ó Raghallaigh and we will have *Joe Roderick*, *Ms. McLeod and The Swallowtail*. |

| | **<u>Ceisteanna</u>** | **<u>Questions</u>** |
|---|---|---|
| **1.** | Cén contae ina raibh fadhbanna? | In which county were there problems? |
| **2.** | Cad a bhí cearr leis na tithe? | What was wrong with the houses? |
| **3.** | Cé mhéad teach atá i gceist? | How many houses are at issue? |
| **4.** | Cad atáthar ag iarraidh ón Rialtas? | What is wanted from the Government? |
| **5.** | Conas atá an aimsir in Éirinn (sa nuacht)? | How is the weather in Ireland (in the news)? |
| **6.** | Cén áit as a dtáinig Gráinne ar maidin? | Where did Gráinne come from in the morning? |
| **7.** | An raibh na bóithre sábháilte? | Were the roads safe? |
| **8.** | Cé a bheidh ag seinm ceoil ar dtús? | Who will be playing music first? |